2024/3115

16.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/3115 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe físeashláintíochta agus pasanna plandaí a úsáid, agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le fógraí áirithe faoi neamhchomhlíonadh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá gá le soiléireacht, trédhearcacht agus comhleanúnachas feabhsaithe chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] chun feidhme i gceart, ós rud é go bhfuil plandaí sláintiúla ríthábhachtach do tháirgeadh talmhaíochta agus gairneoireachta inbhuanaithe agus cuireann siad le slándáil bia agus le sábháilteacht bia agus cosnaíonn siad an comhshaol ar lotnaidí.

(2) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/2031 rialacha maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí. Áirítear ar na rialacha sin aicmiú agus liostú lotnaidí rialáilte, ceanglais a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh di, suirbhéanna, fógraí faoi ráigeanna, bearta chun lotnaidí a dhíothú má aimsítear iad i gcríoch an Aontais agus deimhniú.

(3) Thairis sin, tá roinnt ceanglas tuairiscithe i Rialachán (AE) 2016/2031 i réimsí bhunú na limistéar críochaithe agus na suirbhéanna ar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín criosanna cosanta. Tá ról lárnach ag na ceangail tuairiscithe sin chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú agus a shimpliú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' agus chun nósanna imeachta comhchuibhithe agus caighdeánaithe agus digitithe a chur chun cinn chun a áirithiú go gcomhlíontar, leis na ceanglais sin, an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun maorlathas a laghdú agus an t-ualach riaracháin agus airgeadais a theorannú ag an am céanna.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, maidir le líon agus suíomhanna na limistéar críochaithe a bunaíodh, na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach arna ndéanamh le linn na bliana féilire roimhe sin.

[1] IO C, C/2024/1588, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1588/oj.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 18 Samhain 2024.

[3] Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

(5) Mar a léiríodh le linn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031, tá sé níos éifeachtaí, chun beartas fíteashláintíochta a chomhordú ar leibhéal an Aontais, na limistéir chríochaithe a chur ar an eolas díreach tar éis a mbunaithe. Má chuireann Ballstát na limistéir chríochaithe in iúl láithreach, cuidíonn sé sin leis na Ballstáit eile, an Coimisiún agus oibreoirí gairmiúla le bheith ar an eolas faoi láithreacht agus leathadh na lotnaide lena mbaineann agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad bhearta eile atá le glacadh. Dá bhrí sin, is iomchuí oibleagáid ar na Ballstáit a áireamh in Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil le fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir leis na limistéir chríochaithe go díreach tar éis a mbunaithe, mar aon leis na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach arna ndéanamh. Ní chuirfeadh aon ualach riaracháin nua le hoibleagáid den sórt sin, toisc go bhfuil sé leagtha amach cheana féin in Iarscríbhinn I, pointe 7.1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ([4]) ón gCoimisiún agus curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit go léir. Agus an oibleagáid sin á leagan amach in Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, chuirfí tuilleadh feabhais ar shoiléireacht na rialacha is infheidhme maidir le limistéir chríochaithe, leis an tuiscint go bhfuil an oibleagáid chomhfhreagrach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 le baint chun forluí na bhforálacha lena mbaineann a sheachaint.

(6) Thairis sin, agus mar atá léirithe ón taithí ar chur i bhfeidhm Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, is léir ón oibleagáid atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, maidir le líon agus suíomhanna na limistéar críochaithe arna mbunú, na lotnaidí lena mbaineann, agus na bearta faoi seach arna ndéanamh le linn na bliana féilire roimhe sin, ní chuireann sí ach ualach riaracháin agus gan aon luach praiticiúil, i bhfianaise na hoibleagáide fógra a thabhairt láithreach maidir le limistéir chríochaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhoráil chomhfhreagrach a bhaint ón Airteagal sin.

(7) Chun na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus digitiú an tuairiscithe a fheabhsú, ba cheart an fógra láithreach faoi limistéir chríochaithe, a dhéanamh tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2016/2031. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart na fógraí tar éis a fháil amach go bhfuil an lotnaid lena mbaineann i láthair sa chrios maolánach dá dtagraítear in Airteagal 19(2) agus díothú na limistéar críochaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(4) den Rialachán seo a dhéanamh freisin tríd an gcóras leictreonach fógartha sin.

(8) Mar is léir ón taithí a fuarthas, bíonn cúnamh ó shaineolaithe de dhíth ar na Ballstáit uaireanta chun go mbeifear in ann gníomhaíocht mhear a dhéanamh i gcoinne ráigeanna nua lotnaidí áirithe ina gcríocha. Dá bhrí sin, ba cheart Foireann Éigeandála Sláinte maidir le Plandaí an Aontais ('an Fhoireann') a chruthú chun cúnamh práinneach a sholáthar do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagail 10 go 19, 27 agus 28 de Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le lotnaidí coraintín an Aontais, agus maidir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin. D'fhonn críoch an Aontais a chosaint ar ráigeanna féideartha i dtríú tíortha a bhfuil teorainn acu le críoch an Aontais nó a bhfuil gar-riosca fíteashláintíochta ag baint leo don chríoch sin, d'fhéadfadh an Fhoireann a bheith ar fáil freisin chun cúnamh práinneach a thabhairt do thríú tíortha, arna iarraidh sin ag Ballstáit amháin nó níos mó agus ag an tríú tír lena mbaineann, maidir le ráigeanna lotnaidí coraintín an Aontais agus lotnaidí atá faoi réir na mbeart a ghlactar de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin ina gcríocha.

(9) Chun feidhmiú iomchuí na Foirne a áirithiú, ba cheart rialacha a bhunú maidir lena ceapadh, lena comhdhéanamh agus lena maoiniú ag an gCoimisiún. Chun comhordú agus éifeachtúlacht níos fearr a áirithiú, ba cheart don Choimisiún comhaltaí na Foirne a cheapadh, i gcomhairle leis na Ballstáit nó leis na tríú tíortha lena mbaineann, as measc saineolaithe arna moladh ag na Ballstáit, agus ba cheart sainearraí éagsúla a bhaineann le sláinte plandaí a bheith ag na saineolaithe sin.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 22(3), Airteagal 24(2) agus Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, torthaí na suirbhéanna a rinneadh an bhliain féilire roimhe sin, maidir le lotnaidí áirithe a bheith laistigh de chríoch an Aontais, eadhon lotnaidí coraintín an Aontais, lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagail 29 agus 30 den Rialachán sin, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do na Ballstáit, arna iarraidh sin, fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena gcláir ilbhliantúla suirbhéireachta, nuair a bhunófar iad. Chun na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus chun digitiú an tuairiscithe a fheabhsú, ba cheart na hAirteagail lena mbaineann a leasú trína shonrú go bhfuil na fógraí sin le cur isteach tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103 den Rialachán sin.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

(11) I gcomhréir le hAirteagal 23(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2016/2031, tá na cláir ilbhliantúla suirbhéireachta le bunú ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis na cláir ilbhliantúla suirbhéireachta a chur chun feidhme agus chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla a laghdú, ba cheart síneadh 10 mbliana a chur leis an tréimhse sin, agus ba cheart na cláir sin a bheith faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú.

(12) Leagtar amach in Airteagal 30(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2016/2031, i gcás ina gcinneann an Coimisiún go gcomhlíonann lotnaid na critéir maidir le lotnaidí nach bhfuil liostaithe mar lotnaidí coraintín an Aontais, a leagtar amach i bhForoinn 2 de Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, go bhfuil sé le bearta a ghlacadh láithreach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an lotnaid sin.

(13) Le linn chur chun feidhme na forála sin, chuir Ballstáit áirithe a n-amhras in iúl maidir le raon feidhme beacht an téarma 'bearta', agus go háirithe cibé acu a chumhdaítear leo gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs allmhairithe nó gluaiseachta inmheánaí earraí, d'fhonn teacht isteach agus leathadh na lotnaide lena mbaineann i gcríoch an Aontais a chosc. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus iomláine dhlíthiúil, ba cheart Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú chun a léiriú go sonrach go bhféadfadh sé go n-áireofaí leis na bearta sin toirmeasc ar na lotnaidí lena mbaineann a thabhairt isteach, a ghluaiseacht, a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh laistigh de chríoch an Aontais, agus ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais. Mar sin féin, de bhun Airteagail 8 agus 48 den Rialachán sin, is féidir fós maoluithe ar na toirmisc sin a dheonú i gcás inar gá, mar shampla, le haghaidh gníomhaíochtaí ábhartha taighde nó pórúcháin i ndáil le frithsheasmhacht nó lamháltais.

(14) Leagtar amach in Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2016/2031 an ceanglas maidir le láithreacht lotnaidí coraintín an Aontais ar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile a chosc. Foráiltear le mír 4 den Airteagal sin, i gcás ina mbeidh plandaí, táirgí plandaí nó réada eile tugtha isteach nó aistrithe laistigh de chríoch an Aontais de shárú ar mhír 1 den Airteagal sin, go nglacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais maidir le rialuithe oifigiúla, agus go gcuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103 den Rialachán sin.

(15) Mar sin féin, níl aon cheanglas maidir le fógra a thabhairt faoi neamhchomhlíonadh na rialacha a leagtar amach in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhaineann le bearta chun láithreacht lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ('RNQPanna') a chosc ar phlandaí le haghaidh plandú os cionn na dtairseach sonraithe nuair a tugadh isteach iad i gcríoch an Aontais, nó nuair a aistríodh iad laistigh di. Dá bhrí sin, ba cheart an Airteagal sin a leasú, trína fhoráil, i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le RNQPanna, go bhfuil na Ballstáit leis na bearta is gá a ghlacadh agus le fógra a thabhairt don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don tríú tír lena mbaineann tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103 den Rialachán sin.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart tagairt d'Airteagal 37(10) den Rialachán sin, a bhaineann le fógraí i gcás lotnaidí a bheith ann, a áireamh in Airteagal 104 de Rialachán (AE) 2016/2031.

(17) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le Rialachán (AE) 2016/2031 a fhorlíonadh tríd an nós imeachta a leagan amach chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú de bhun Airteagal 42(1) den Rialachán sin. Ba cheart heilimintí seo a leanas a áireamh sa nós imeachta sin: an fhianaise a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca; na bearta a bheidh le déanamh tar éis an fhianaise sin a fháil; nósanna imeachta an mheasúnaithe sin; agus sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil. Tá sé sin riachtanach toisc gur léir ón taithí a fuarthas go bhféadfadh nós imeachta sonraithe maidir le plandaí ardriosca a liostú trédhearcacht agus comhsheasmhacht a ráthú do na Ballstáit, do thríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([5]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

([5]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

(18) I gcásanna áirithe, is iomchuí go lamháiltear do phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó thríú tíortha áirithe, de mhaolú ar an toirmeasc a bunaíodh de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 nó ar na ceanglais speisialta agus choibhéiseacha a bunaíodh leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de. Tá na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile lena mbaineann liostaithe faoi láthair in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ([6]) ón gCoimisiún. Is iad na cásanna sin na cásanna ina bhfuil fianaise faighte ag an gCoimisiún lena dtugtar bonn cirt do mhaoluithe sealadacha a ghlacadh a bhfuil ceanglais acu atá coibhéiseach leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2016/2031, nó ceanglais atá níos déine ná iad, nó na cásanna inar iarr tríú tír maolú agus inar thug sí ráthaíochtaí i scríbhinn go bhfuil na bearta atá i bhfeidhm aici ar a críoch éifeachtach maidir leis an riosca ábhartha ó na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile sin a laghdú agus léiríodh le measúnú gur féidir an riosca do chríoch an Aontais a laghdú go leibhéal inghlactha trí bhearta sealadacha áirithe a leagtar amach i bpointí 2 agus 3 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 a chur i bhfeidhm.

(19) Ar mhaithe le soiléireacht, comhsheasmhacht agus trédhearcacht, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforáiltear do na maoluithe sin. Ar mhaithe le hiomláine, leis na gníomhartha sin, ba cheart a leagan amach na bearta sealadacha agus comhréireacha a bhfuil gá leo chun an riosca físeashláintíochta faoi seach a laghdú go leibhéal inghlactha. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(20) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú tráthúil orthu, níor cheart tréimhse cur i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme sin ar fad a bheith níos faide ná cúig bliana. I gcásanna eisceachtúla, má tá bonn cirt leis ar bhonn measúnaithe nuashonraithe, ba cheart a bheith in ann an tréimhse sin a athnuachan, agus an maolú lena mbaineann a bheith faoi réir ceanglais leasaithe, chun aghaidh a thabhairt ar aon riosca físeashláintíochta.

(21) Thairis sin, ba cheart an chumhacht chun gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith Rialachán (AE) 2016/2031 a fhorlíonadh le heilimintí a bhaineann leis an nós imeachta atá le leanúint chun maoluithe sealadacha ar Airteagal 40(2) agus Airteagal 41(2) den Rialachán sin a dheonú. Tá sé sin riachtanach toisc gur léir ón taithí a fuarthas ó glacadh Rialachán (AE) 2016/2031 go bhfuil gá le nós imeachta caighdeánaithe i ndáil leis na maoluithe sealadacha sin a dheonú chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht a áirithiú do na Ballstáit, do thríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór planda, táirge planda nó réad eile a bhaint de liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile ardriosca, má bhaintear de thátal as, ar bhonn measúnú riosca, go bhfuil a dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais le bheith faoi réir toirmisc, ceanglas speisialta nó gan aon cheanglas ar chor ar bith. Mar sin féin, ós rud é gur léirigh taithí chur i bhfeidhm an Airteagail sin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh tabhairt isteach na dtráchtearraí sin i gcríoch an Aontais a bheith faoi réir bearta speisialta lena laghdaítear an riosca físeashláintíochta lena mbaineann go leibhéal inghlactha, ach i gcás roinnt de na lotnaidí ábhartha tá measúnú iomlán fós ar feitheamh. Ar an gcúis sin, ba cheart an chumhacht cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile a bhaint de liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile ardriosca a glacadh de bhun Airteagal 42(3) de Rialachán (AE) 2016/2031, má bhaineann riosca físeashláintíochta leo nach bhfuil measúnú iomlán déanta orthu go fóill agus nach bhfuil aon ghníomh cur chun feidhme glactha ina leith fós de bhun Airteagal 42(4) den rialachán sin. D'fhonn aon riosca físeashláintíochta a laghdú chuig leibhéal inghlactha, ba cheart a leagan amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun na gcumhachtaí sin bearta sealadacha maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, ar bearta iad ar cheart dóibh a bheith teoranta don tréimhse ama iomchuí agus réasúnach is gá chun an measúnú iomlán a dhéanamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 44(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/2031, tá an Coimisiún le ceanglais choibhéiseacha a leagan amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, arna iarraidh sin do thríú tír ar leith, má áirithíonn an tríú tír lena mbaineann, trí bheart sonraithe amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm faoina rialú oifigiúil, leibhéal cosanta físeashláintíochta atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta maidir le gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj)

(24) Is léir ón taithí a fuarthas agus an fhoráil sin á cur chun feidhme nach bhfuil ceanglais a leagan amach atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta amháin i leith gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais leordhóthanach ná indéanta, ná nach féidir é sin a dhéanamh i gcás nach ann do na ceanglais gluaiseachta sin. Is minic a tharlaíonn sé sin, nuair a bhaineann rialacha an Aontais le lotnaidí nach bhfuil i láthair ach i dtríú tíortha agus ní i gcríoch an Aontais agus nuair nár glacadh ach le ceanglais maidir le tráchtearraí a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

(25) Ar an gcúis sin, ba cheart an leibhéal cosanta físeashláintíochta a iarradh ar thaobh an tríú tír lena mbaineann a bheith coibhéiseach freisin leis na ceanglais speisialta is infheidhme maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile lena mbaineann a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó gach tríú tír nó ó thríú tíortha áirithe.

(26) I gcomhréir le hAirteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, sonrófar sa deimhniú físeashláintíochta faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise' cén ceanglas sonrach atá le comhlíonadh, aon uair a fhoráiltear do roghanna éagsúla do cheanglais den sórt sin sa ghníomh cur chun feidhme faoi seach, arna ghlacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(2), Airteagal 41(2) agus (3) agus Airteagal 54(2) agus (3) den Rialachán sin. Cuirfear foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha san áireamh sa tsonraíocht sin.

(27) Léiríodh le cleachtas maidir le cur chun feidhme praiticiúil Rialachán (AE) 2016/2031 gur cheart tagairt do na ceanglais arna nglacadh de bhun Airteagal 37(4) den Rialachán a léiriú sna deimhnithe físeashláintíochta, eadhon bearta chun láithreacht RNQPanna ar na plandaí le haghaidh plandú lena mbaineann a chosc, dá dtagraítear in Airteagal 36, pointe (f), den Rialachán sin, i gcás ina ndéantar foráil san fhoráil faoi seach maidir le roinnt roghanna éagsúla do na ceanglais sin. Tá sé sin comhsheasmhach leis an gcur chuige a bhaineann le lotnaidí coraintín an Aontais, mar tagraíonn Airteagal 71(2) den Rialachán sin don ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 41(2) agus (3) de. Leis sin, thabharfaí tuilleadh soiléireachta agus cinnteachta do na húdaráis inniúla, do'oibreoirí gairmiúla agus do thríú tíortha, maidir le cur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann le RNQPanna agus leis na plandaí le haghaidh plandú lena mbaineann.

(28) Ar an gcúis sin, ba cheart tagairt do na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 37(4) de a áireamh in Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031. Thairis sin, ba cheart an tagairt d'Airteagal 37(2) den Rialachán sin a bhaint, toisc nach mbaineann sí le hábhar Dhearbhú Breise an deimhnithe físeashláintíochta. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, faoi dháta chur i bhfeidhm na leasuithe sin, go dtabharfar cothrom le dáta na rialacha maidir le láithreacht RNQPanna ar phlandaí le haghaidh plandú trí na ceanglais ábhartha a bunaíodh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a oiriúnú.

(29) Foráiltear le hAirteagal 81(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 nach mbeidh aon phas plandaí riachtanach le haghaidh gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí nó réada eile a sholáthrófar go díreach d'úsáideoir deiridh, lena n-áirítear garraíodóirí baile. Ni bheidh feidhm ag an eisceacht sin, áfach, maidir leis na húsáideoirí deiridh a mbeidh na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin á bhfáil acu trí bhíthin díolachán trí chianchonarthaí.

(30) Is léir ón taithí a fuarthas ó glacadh Rialachán (AE) 2016/2031, i gcásanna áirithe, níor cheart pas plandaí a bheith ag gabháil le plandaí áirithe, táirgí plandaí áirithe nó réada áirithe eile, fiú má dháiltear iad trí chiandíolacháin. Dá bhrí sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cead a thabhairt dó foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag Airteagal 81(1), pointe (a), faoi choinníollacha áirithe, maidir le plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ar leith a dháiltear trí bhíthin díolacháin trí chianchonarthaí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(31) I gcomhréir le hAirteagal 88 de Rialachán (AE) 2016/2031, tá na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann le pasanna plandaí a cheangal le haonad trádála na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile lena mbaineann sula n-aistrítear laistigh de chríoch an Aontais iad de bhun Airteagal 79 nó isteach i gcrios cosanta nó laistigh de bhun Airteagal 80 den Rialachán sin. I gcás ina mbeidh plandaí, táirgí plandaí nó réada eile den sórt sin á ngluaiseacht i bpacáiste, beart nó coimeádán, beidh an pas plandaí i gceangal leis an bpacáiste, beart nó coimeádán sin.

(32) Tá sé léirithe ag cleachtais trádála atá bunaithe ar Rialachán (AE) 2016/2031 nach bhfuil sé indéanta, i gcásanna áirithe, pasanna plandaí a cheangal d'aonaid trádála plandaí, táirgí plandaí nó réad eile mar gheall ar a méid, a gcruth nó a saintréithe sonracha eile. Ina ionad sin, ba cheart a lamháil d'aonaid trádála na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile sin a aistriú laistigh de chríoch an Aontais le pas plandaí a bhaineann leo ar bhealach seachas trí cheangal fisiciúil. Ba cheart ceanglais Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le pasanna plandaí a eisiúint do na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile lena mbaineann a fhágáil gan athrú.

(33) Dá bhrí sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun lamháil do phlandaí, do tháirgí plandaí agus do réada áirithe eile gluaiseacht gan pas plandaí atá ceangailte lena n-aonaid trádála, mar gheall ar a méid, a gcruth, an bealach ina bhfuil siad pacáilte nó saintréithe sonracha eile a fhágann nach bhfuil an ceangaltán sin praiticiúil. I ndáil leis sin, is gá na socruithe a chinneadh lena n-áirithítear go bhfanfaidh an pas plandaí in úsáid, cé nach bhfuil sé ceangailte leis, agus go ndéantar tagairt ann fós do na plandaí, do na táirgí plandaí agus do na réada eile faoi seach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(34) Foráiltear le hAirteagal 94 de Rialachán (AE) 2016/2031 go n-eiseofar pasanna plandaí ag na poist rialaithe teorann in ionad deimhnithe físeashláintíochta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile a thugtar isteach i gcríoch an Aontais. In ionad pasanna plandaí a eisiúint ag na poist rialaithe teorann, tá cead ag Ballstáit cheana cóip dheimhnithe den bhundeimhniú físeashláintíochta a chur in ionad an deimhnithe físeashláintíochta a bheidh ag gabháil le gluaiseacht an phlanda, an táirge planda nó an réada eile go dtí an pointe ina n-eisítear an pas plandaí. Chun rannchuidiú le próiseas an digitithe, chun an t-ualach riaracháin a laghdú, agus chun úsáid bhreise a bhaint as an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103 den Rialachán sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an fhaisnéis atá sa chóras sin a úsáid sna cásanna sin, ar choinníoll go bhfuil an deimhniú físeashláintíochta leictreonach nó cóip dhigiteach den deimhniú físeashláintíochta inrochtana sa chóras sin agus go gcuirtear ar fáil é arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla. Agus na ráthaíochtaí a thugtar tríd an gcóras leictreonach fógartha maidir le rochtain shlán ar dhoiciméid á gcur i gcuntas, níor cheart féidearthacht den sórt sin a theorannú a thuilleadh do chríoch an Bhallstáit ina ndearnadh na seiceálacha físeashláintíochta allmhairiúcháin. Ar chúiseanna comhchosúla, níor cheart an teorannú sin ar chríoch an Bhallstáit a chur i bhfeidhm a thuilleadh maidir le húsáid cóipeanna deimhnithe.

(35) I gcomhréir le hAirteagal 99(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán sin trí na heilimintí atá le háireamh i bhfianuithe oifigiúla sonracha le haghaidh plandaí, táirgí plandaí nó réad eile, seachas ábhar pacáistíochta adhmaid, a cheanglaítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, a leagan amach. Ó glacadh Rialachán (AE) 2016/2031, níor glacadh aon chaighdeáin idirnáisiúnta den sórt sin, agus níl aon obair ullmhúcháin á déanamh faoi láthair ag aon eagraíocht idirnáisiúnta chun na caighdeáin sin a tháirgeadh. Mar thoradh air sin, ní féidir na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh agus, dá dheasca sin, ní féidir plandaí, táirgí plandaí nó réada ábhartha eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais leis na fianuithe oifigiúla den sórt sin mar mhalairt ar dheimhnithe físeashláintíochta.

(36) Thairis sin, agus i gcomhréir le gníomhartha cur chun feidhme áirithe arna nglacadh de bhun Threoir 77/93/CEE ([8]) agus Threoir 2000/29/CE ([9]) ón gComhairle, tá plandaí, táirgí plandaí agus réada eile fós á dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus fianuithe oifigiúla ag gabháil leo, seachas deimhnithe físeashláintíochta, arna n-eisiúint i roinnt tríú tíortha. Is iad na gníomhartha sin, go háirithe, Cinntí 93/365/CEE ([10]), 93/422/CEE ([11]) agus 93/423/CEE ([12]) ón gCoimisiún, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/780/AE ([13]) ón gCoimisiún. Glacadh na Cinntí sin in éagmais aon chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus tá siad fós i bhfeidhm.

(37) Léiríonn an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031 agus Cinntí 93/365/CEE, 93/422/CÉ agus 2013/780/AE go dtugann na fianuithe oifigiúla dá dtagraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le cosaint físeashláintíochta chríoch an Aontais, d'ainneoin nach raibh aon chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha ann riamh. Ar an gcúis sin, agus chun a áirithiú go leanfar d'fhianuithe oifigiúla a úsáid faoi Rialachán (AE) 2016/2031, ba cheart an coinníoll go n-éilítear gnéithe an ghnímh tharmligthe lena mbaineann de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme a bhaint d'Airteagal 99(1) den Rialachán sin.

([8]) Treoir 77/93/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1976 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh dhíobhálacha plandaí nó táirgí plandaí a thabhairt isteach sna Ballstáit (IO L 26, 31.1.1977, lch. 20).

([9]) Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

([10]) Cinneadh 93/365/CEE ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 1993 lena n-údaraítear do na Ballstáit foráil do mhaoluithe ar fhorálacha áirithe de Threoir 77/93/CEE ón gComhairle maidir le hadhmad buaircíneach teaschóireáilte, de thionscnamh Cheanada, agus lena mbunaítear mionsonraí an chórais táscairí atá le cur i bhfeidhm ar an adhmad teaschóireáilte (IO L 151, 23.6.1993, lch. 38).

([11]) Cinneadh 93/422/CEE ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 1993 lena n-údaraítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar fhorálacha áirithe de Threoir 77/93/CEE ón gComhairle maidir le hadhmad buaircíneach triomaithe á áithe, de thionscnamh Cheanada, agus lena mbunaítear mionsonraí an chórais táscairí atá le cur i bhfeidhm ar adhmad triomaithe áithe (IO L 195, 4.8.1993, lch. 51).

([12]) Cinneadh 93/423/CEE ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 1993 lena n-údaraítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh do mhaoluithe ar fhorálacha áirithe de Threoir 77/93/CEE ón gComhairle maidir le hadhmad buaircíneach áith-thriomaithe, de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus lena mbunaítear mionsonraí an chórais táscairí atá le cur i bhfeidhm ar adhmad áith-thriomaithe (IO L 195, 4.8.1993, lch. 55).

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/780/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforáiltear do mhaolú ar Airteagal 13(1)(ii) de Threoir 2000/29/CE ón gComhairle maidir le adhmad sáfa saor ó choirt de Quercus L., Platanus L. agus Acer saccharum Marsh. de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 346, 20.12.2013, lch. 61).

(38) I gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2016/2031, tá an Coimisiún le córas leictreonach a bhunú chun fógraí a chur isteach ag na Ballstáit. D'fhonn a áirithiú go bhféadfadh an córas leictreonach sin a bheith infheidhme freisin maidir le tuarascálacha a chur isteach, amhail na tuarascálacha le haghaidh suirbhéanna ar lotnaidí coraintín an Aontais, lotnaidí tosaíochta, lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 29 agus Airteagal 30 den Rialachán sin agus lotnaidí coraintín criosanna cosanta, ba cheart an chéad mhír d'Airteagal 103 den Rialachán sin a leasú d'fhonn tuarascálacha ó na Ballstáit a chur isteach freisin. Tá gá leis sin chun an córas tuairiscithe a chuíchóiriú agus chun próiseas digiteála na mbeart físeashláintíochta a neartú.

(39) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú dá réir.

(41) Ó cuireadh Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) i bhfeidhm, is léir ón taithí a fuarthas, maidir leis an bhfógra go bhfuil an deimhniú físeashláintíochta in easnamh nó fianuithe oifigiúla eile i gcás plandaí, táirgí plandaí nó réad eile a thugtar isteach san Aontas mar chuid de bhagáiste pearsanta paisinéirí nó trí sheirbhísí poist agus atá beartaithe do thomhaltas pearsanta nó d'úsáid phearsanta, go méadaítear leis sin an t-ualach riaracháin do na húdaráis inniúla go díréireach i ndáil leis an riosca físeashláintíochta lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart fógra a thabhairt faoi na coinsíneachtaí sin, má tá siad faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g), de Rialachán (AE) 2017/625, a dhíolmhú ó Airteagal 66(5) den Rialachán sin má bhaineann an neamhchomhlíonadh le heaspa an deimhnithe físeashláintíochta nó le fianuithe oifigiúla eile dá dtagraítear in Airteagal 99(1) de Rialachán (AE) 2016/2031. Mar sin féin, agus chun forléargas éifeachtach a áirithiú ar thionscnamh agus ar chineál na neamhchomhlíontachtaí i ngach Ballstát, ba cheart do na húdaráis inniúla taifead a choinneáil de na cásanna neamhchomhlíontachta sin agus ba cheart dóibh, ar bhonn bliantúil, tuarascáil le hachoimre ar na taifid sin a chur ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát eile. Chun na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus chun digitiú an tuairiscithe a fheabhsú, ba cheart na tuarascálacha sin a chur isteach tríd an gcóras bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla (CBFRO) dá dtagraítear in Airteagal 131 de Rialachán (AE) 2017/625.

(41) Chun go bhféadfaidh na tríú tíortha agus a n-oibreoirí gairmiúla iad féin a chur in oiriúint do na rialacha nua maidir le deimhnithe físeashláintíochta a eisiúint i ndáil le rialacha RNQP faoi seach a chomhlíonadh, ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031 ón 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/2031

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 18(6):

'Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na limistéir chríochaithe go díreach tar éis a mbunaithe, mar aon leis na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach a glacadh. Déanfar na fógraí sin tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103.';

(2) in Airteagal 19, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'8. Déanfar fáil amach láithreacht na lotnaide lena mbaineann sa chrios maolánach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus deireadh a chur leis na limistéir chríochaithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a fhógairt tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103.';

(3) cuirtear an tAirteagal a leanas isteach:

([14]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

‘*Airteagal 19a*

Foireann Éigeandála Sláinte Plandaí an Aontais

1. Cruthófar Foireann Éigeandála Sláinte Plandaí an Aontais (“an Fhoireann”,) a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe chun cúnamh práinneach a chur ar fáil do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagail 10 go 19, Airteagal 27 agus Airteagal 28 a bhaineann le ráigeanna nua de lotnaidí coraintín an Aontais agus lotnaidí atá faoi réir na mbeart a ghlactar de bhun Airteagal 30. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Fhoireann cúnamh práinneach a chur ar fáil do thríú tíortha a bhfuil teorainn acu le críoch an Aontais nó a bhfuil gar-riosca físeashláintíochta ag baint leo don chríoch sin, arna iarraidh sin ag Ballstáit amháin nó níos mó agus ag an tríú tír lena mbaineann, maidir le ráigeanna ina gcríocha de lotnaidí coraintín an Aontais agus lotnaidí atá faoi réir na mbeart a ghlactar de bhun Airteagal 30.

Maidir le gach cás ina dtabharfar cúnamh, ceapfaidh an Coimisiún comhaltaí sonracha den Fhoireann sin, ar bhonn a gcuid saineolais, agus i gcomhairle leis an mBallstát nó leis an tríú tír lena mbaineann.

Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a bheith san áireamh sa chúnamh sin:

(a) cúnamh eolaíoch, teicniúil agus bainistíochta ar an láthair nó go cianda i ndáil le díothú na lotnaidí lena mbaineann, a leathadh a chosc agus bearta eile, i gcomhoibriú le húdaráis inniúla an Bhallstáit nó an tríú tír lena mbaineann ráigeanna lotnaidí nó amhras fúthu;

(b) comhairle eolaíoch shonrach maidir leis na modhanna diagnóiseacha oiriúnacha, de réir mar is iomchuí, i gcomhar le saotharlann tagartha ábhartha an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625 agus le saotharlanna tagartha eile, de réir mar is iomchuí;

(c) cúnamh sonrach, de réir mar is iomchuí, chun tacú le comhordú i measc údaráis inniúla na mBallstát nó tríú tíortha agus leis na saotharlanna sin.

Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhaontú leis an mBallstát nó leis an tríú tír lena mbaineann agus leis na Ballstáit faoi seach a sholáthróidh an na saineolaithe, ábhar, coinníollacha agus uainiú an chúnaimh sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit an liosta saineolaithe a mholfaidh siad lena n-ainmniú ina gcomhaltaí den Fhoireann a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an liosta sin a choinneáil cothrom le dáta. Soláthróidh na Ballstáit, an tráth sin, an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an bpróifíl ghairmiúil agus an réimse saineolais de gach saineolaí a mholtar.

3. Beidh comhaltaí na Foirne i dteideal slánaíocht as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí na Foirne ar an láthair agus, i gcás inarb infheidhme, as a bheith ag feidhmiú mar cheannairí foirne nó rapóirtéirí ar mhisean cúnaimh sonrach.

Íocfaidh an Coimisiún an tslánaíocht sin, agus aisíocaíocht na gcostas taistil agus cothaithe i gcomhréir leis na rialacha maidir le haisíocaíocht speansas taistil, cothaithe agus speansas eile na saineolaithe.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d’Airteagal 22(3):

‘Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoin 30 Aibreán gach bliain, faoi thorthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1, a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Áireofar sna tuarascálacha sin faisnéis faoi cá háit a rinneadh na suirbhéanna, tráthúlacht na suirbhéanna, na plandaí, na táirgí planda agus na réada eile lena mbaineann, líon na gcigireachtaí agus na samplaí a glacadh, agus na torthaí i ndáil le gach lotnaid lena mbaineann. Déanfar na tuarascálacha sin a chur isteach tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103’;

(5) leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Beidh na cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta bunaithe ar feadh tréimhse 5 go 10 mbliana. Déanfar na cláir sin a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn na rialacha is infheidhme agus staid físeashláintíochta na críche lena mbaineann.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Choimisiún, fógra a thabhairt don Choimisiún do na Ballstáit eile maidir lena gcláir ilbhliantúla suirbhéireachta. Déanfar na fógraí sin a chur isteach tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103.’;

(6) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 2:

‘2. Déanfaidh na Ballstáit torthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1, a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoin 30 Aibreán gach bliain. Déanfar na tuarascálacha sin a chur isteach tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103.’;

(7) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 3:

‘3. Féadfar pleananna teagmhais a chomhcheangal le haghaidh lotnaidí tosaíochta iolracha ag a bhfuil bitheolaíocht agus raon speiceas óstach comhchosúil acu. Sna cásanna sin, is é a bheidh sa phlean teagmhais cuid ghinearálta atá comónta do gach lotnaid tosaíochta a chumhdaítear ann agus codanna sainiúla le haghaidh gach ceann de na lotnaidí tosaíochta lena mbaineann. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh na Ballstáit comhoibriú chun pleananna teagmhais a shioncronú do speicis áirithe, nuair is iomchuí le haghaidh speicis tosaíochta lotnaidí a bhfuil bitheolaíocht chomhchosúil agus raonta speiceas óstach forluiteacha nó taobh le taobh acu.’;

(8) in Airteagal 30(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Leis na bearta sin cuirfear chun feidhme ceann amháin nó níos mó de na forálacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) den chéad fhomhír d’Airteagal 28(1) maidir le gach lotnaid lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí. D’fhéadfaí a áireamh leo toirmeasc ar lotnaid a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a ghluaiseacht laistigh di, a choinneáil inti, a iolrú nó a scaoileadh inti agus ceanglais maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus iad a ghluaiseacht laistigh di.’;

(9) in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 2:

‘2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas, faoin 30 Aibreán gach bliain, faoi thorthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1, a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Déanfar na fógraí sin a chur isteach tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103.’;

(10) in Airteagal 37, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. I gcás ina mbeidh plandaí le haghaidh plandú tugtha isteach i gcríoch an Aontais, nó aistrithe laistigh de, i neamhchomhlíonadh mhír 1 den Airteagal seo, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá agus cuirfidh siad an neamhchomhlíonadh sin agus na bearta sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103.

Cuirfidh na Ballstáit na bearta sin in iúl freisin don tríú tír ónar tugadh na plandaí le haghaidh plandú isteach i gcríoch an Aontais.’;

(11) in Airteagal 42, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 105, lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an nós imeachta a leagan amach chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú.

Sa gníomh tarmligthe sin, déanfar foráil maidir leis na heilimintí uile seo a leanas:

(a) an fhianaise a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca;

(b) na bearta a bheidh le déanamh tar éis an fhianaise sin a fháil;

(c) nósanna imeachta don mheasúnú sin;

(d) sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil.’;

(12) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 42a

Maoluithe sealadacha ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagail 40 agus i 42, agus ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 41

1. De mhaolú ar Airteagal 40(1) agus ar Airteagal 41(1), féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, maoluithe sealadacha a ghlacadh ón toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 40(1), agus ó na ceanglais speisialta agus choibhéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 41(2), maidir le plandaí sonracha, táirgí plandaí sonracha agus réada eile de thionscnamh tríú tír amháin nó níos mó a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a mbaineann riosca fíteashláintíochta leo nach bhfuil measúnú iomlán déanta air go fóill.

Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme sin:

(a) bearta sealadacha a leagan amach a bhaineann leis na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail atá sonraithe i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II; agus

(b) na codanna ábhartha de na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 40(2) agus in Airteagal 41(2) a leasú, trí thagairt don mhaolú a bhaineann leis an bplanda, táirge planda nó réad eile lena mbaineann a chur isteach.

2. Ní fhéadfar na maoluithe sealadacha dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) (i) tá fianaise faighte ag an gCoimisiún lena dtugtar bonn cirt le maoluithe sealadacha a ghlacadh maille le ceanglais atá coibhéiseach nó níos déine ná na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 41; nó

(ii) tá an tríú tír lena mbaineann tar éis iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ina bhfuil ráthaíochtaí oifigiúla i scríbhinn don iarratas ina críoch, roimh an iarraidh a dhéanamh agus an tráth sin, ar na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta lena mbaineann; agus

(b) tá sé léirithe i measúnú go bhfuil riosca ag baint leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile sin is féidir a laghdú go leibhéal inghlactha tríd na bearta a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta lena mbaineann.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 105, lena bhforlíontar an Rialachán seo maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun na maoluithe sealadacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dheonú. Déanfar foráil sa ghníomh tarmligthe sin maidir leis na gnéithe seo a leanas den nós imeachta:

(a) ullmhú, ábhar agus cur isteach na hiarrataí agus na sainchomhad ag na tríú tíortha lena mbaineann;

(b) na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis na hiarrataí agus na sainchomhaid sin a fháil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le comhlachtaí eolaíocha nó breithniú tuairimí eolaíocha nó staidéar eolaíoch;

(c) na hiarrataí agus na sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil.

4. De mhaolú ar Airteagal 42(2), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maoluithe sealadacha a ghlacadh ó na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 42(3) má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) níl measúnú iomlán déanta go fóill ar riosca fíteashláintíochta na bplandaí ardriosca, na dtáirgí plandaí ardriosca nó na réad eile ardriosca lena mbaineann;

(b) tá sé léirithe i measúnú sealadach go bhfuil riosca ag baint leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile is féidir a laghdú go leibhéal inghlactha tríd na bearta a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a bhfuil ga leo chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta lena mbaineann;

(c) níl aon ghníomh cur chun feidhme glactha de bhun Airteagal 42(4) go fóill maidir leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile lena mbaineann.

Leagfar amach sna gníomhartha cur chun feidhme sin bearta sealadacha maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile sin a thabhairt isteach san Aontas agus a bhfuil gá leo chun an riosca fíteashláintíochta faoi seach a laghdú go dtí leibhéal inghlactha.

5. Déanfar foráil sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 maidir le tuairisciú bliantúil ón tríú tír i dtaobh chur i bhfeidhm na mbeart sealadach faoi seach. I gcás inarb é conclúid na tuarascála nach dtugtar aghaidh go hiomchuí ar an riosca lena mbaineann leis na bearta a thuairiscítear, déanfar an gníomh lena bhforáiltear do na bearta sin a aisghairm nó a leasú láithreach de réir mar is gá.

6. Ní bheidh tréimhse chur i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 níos faide ná 5 bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan, áfach, agus féadfaidh an maolú lena mbaineann a bheith faoi réir ceanglais leasaithe, má tá bonn cirt leis ar bhonn measúnú nuashonraithe.

7. Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).';

(13) in Airteagal 44(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) áirithíonn an tríú tír lena mbaineann, trí bheart sonraithe amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm faoina rialú oifigiúil, leibhéal cosanta fíteashláintíochta atá coibhéiseach leis na ceanglais speisialta a bhaineann le tabhairt isteach nó gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile lena mbaineann laistigh de chríoch an Aontais ó thríú tíortha eile;';

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 71, mír (2):

'2. Sonrófar sa deimhniú fíteashláintíochta, faoin gceannteideal "Dearbhú Breise", cén ceanglas sonrach atá comhlíonta, aon uair a lamháiltear leis an ngníomh cur chun feidhme faoi seach arna ghlacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(4), Airteagal 41(2) agus (3), Airteagal 54(2) agus (3) do roghanna éagsúla i gcás na gceanglas sin. San áireamh sa tsonraíocht sin beidh foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha. I gcás catagóir amháin nó níos mó de phlandaí le haghaidh plandú, dá dtagraítear in Airteagal 37(7) i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte an Aontais, áireofar sa tsonraíocht sin foclaíocht iomlán na rogha is infheidhme maidir leis an gcatagóir lena mbaineann.';

(15) in Airteagal 81, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cásanna a leagan amach nach bhfuil feidhm ag mír 1, pointe (a), den Airteagal seo maidir le plandaí, táirgí plandaí nó réada áirithe eile a dháiltear trí bhíthin díolachán trí chianchonarthaí. Féadfar coinníollacha a shonrú sna gníomhartha cur chun feidhme sin chun iad a chur i bhfeidhm. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).';

(16) in Airteagal 88, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a leagan amach:

(a) cinneadh a dhéanamh maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile a fhéadfar, de mhaolú ar an gcéad mhír, a ghluaiseacht laistigh den Aontas le pas plandaí a bhaineann leo ar bhealach seachas ceangaltán fisiceach, mar gheall ar a méid, a gcruth nó an bealach pacáistithe a fhágann go bhfuil an ceangaltán sin dodhéanta nó an-deacair; agus

(b) foráil a dhéanamh maidir le rialacha chun a áirithiú go dtagraíonn an pas plandaí lena mbaineann, cé nach bhfuil sé ceangailte, do na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile faoi seach.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).';

(17) in Airteagal 94, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 2:

'2. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh deimhniú fíteashláintíochta ag pointe iontrála an phlanda, an táirge planda nó an réada eile lena baineann ar chríoch an Aontais a ionadú le:

(a) cóip dheimhnithe den deimhniú fíteashláintíochta bunaidh, eiseoidh an t-údarás inniúil an chóip sin agus gabhfaidh an deimhniú sin leis an bplanda, an táirge planda nó an réad eile lena mbaineann agus é ag gluaiseacht, suas go dtí an pointe ag a n-eisítear an pas plandaí; nó

(b) an fhaisnéis atá sa chóras leictreonach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 103, ar choinníoll go bhfuil an deimhniú leictreonach físeashláintíochta nó cóip dhigiteach den deimhniú físeashláintíochta inrochtana sa chóras sin agus cuirfear ar fáil í, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, le linn ghluaiseacht an phlanda, an táirge planda nó an réada eile lena mbaineann go dtí an pointe ina n-eisítear an pas plandaí.';

(18) in Airteagal 99, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 1:

'1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 105 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na heilimintí atá le háireamh i bhfianuithe oifigiúla sonracha le haghaidh plandaí, táirgí plandaí nó réad eile, seachas ábhar pacáistíochta adhmaid, a leagan amach mar chruthúnas ar chur chun feidhme na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 28(1) nó (2), Airteagal 30(1) nó (3), Airteagal 41(2) nó (3), Airteagal 44, nó Airteagal 54(2) nó (3).';

(19) in Airteagal 103, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Bunóidh an Coimisiún córas leictreonach chun go ndéanfaidh na Ballstáit fógraí agus tuarascálacha a chur isteach.';

(20) in Airteagal 104, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha sonracha a leagan síos maidir le cur isteach na bhfógraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2), Airteagal 11, Airteagal 17(3), Airteagal 18(6), Airteagal 19(2) agus (8), Airteagal 28(7), an chéad fhomhír d'Airteagal 29(3), Airteagal 30(8), Airteagal 33(1), Airteagal 37(10), Airteagal 40(4), Airteagal 41(4), Airteagal 46(4), Airteagal 49(6), Airteagal 53(4), Airteagal 54(4), Airteagal 60(2), Airteagal 77(2) agus Airteagal 95(5). Bainfidh na rialacha sin le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:':

(21) leasaítear Airteagal 105 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 42(1a) agus Airteagal 42a(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 5 Eanáir 2025 Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2), Airteagal 7, Airteagal 8(5), Airteagal 19(7), Airteagal 21, Airteagal 32(5), Airteagal 34(1), Airteagal 38, Airteagal 42(1a), Airteagal 42a(3), Airteagal 43(2), Airteagal 46(2), Airteagal 48(5), Airteagal 51, Airteagal 65(4), Airteagal 71(4), Airteagal 76(4), Airteagal 81(2), Airteagal 83(6), Airteagal 87(4), Airteagal 89(2), Airteagal 96(2), Airteagal 98(1), Airteagal 99(1), Airteagal 100(4), Airteagal 101(5) agus Airteagal 102(6) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2), Airteagal 7, Airteagal 8(5), Airteagal 19(7), Airteagal 21, Airteagal 32(5), Airteagal 34(1), Airteagal 38, Airteagal 42(1a), Airteagal 42a(3), Airteagal 43(2), Airteagal 46(2), Airteagal 48(5), Airteagal 51, Airteagal 65(4), Airteagal 71(4), Airteagal 76(4), Airteagal 81(2), Airteagal 83(6), Airteagal 87(4), Airteagal 89(2), Airteagal 96(2), Airteagal 98(1), Airteagal 99(1), Airteagal 100(4), Airteagal 101(5) agus Airteagal 102(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/625

In Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2017/625, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5a. Déanfar plandaí, táirgí plandaí nó réada eile atá faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g), a thagann isteach san Aontas mar chuid de bhagáiste pearsanta paisinéirí nó trí sheirbhísí poist atá beartaithe lena dtomhaltas nó lena n-úsáid go pearsanta, a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a thabhairt, a leagtar amach i mír 5 den Airteagal seo, má bhaineann an neamhchomhlíonadh le heaspa an deimhnithe fíteashláintíochta nó an fhianaithe oifigiúil eile dá dtagraítear in Airteagal 99(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.

Déanfaidh na húdaráis inniúla taifead a choinneáil ar na cásanna neamhchomhlíontachtaí sin agus, ar bhonn bliantúil, cuirfidh siad tuarascáil le hachoimre ar na taifid sin ar fáil don Choimisiún agus d’údaráis inniúla na mBallstát eile.

Cuirfear an tuarascáil sin isteach trí CBFRO.’.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (14) ón 6 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 27 Samhain 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	BÓKA J.